



TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P8_TA(2018)0501

Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh le maoiniú a dhéanamh ar bhearta buiséadacha láithreacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha na himirce, insreabhadh na ndídeanaithe agus bagairtí slándála

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2018 ar an togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leas a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta le maoiniú a dhéanamh ar bhearta buiséadacha láithreacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha na himirce, insreabhadh na ndídeanaithe agus bagairtí slándála (COM(2018)0901 – C8-0492/2018 – 2018/2274(BUD))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0901 – C8-0492/2018),
- ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020¹, agus go háirithe Airteagal 11 de,
- ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistíocht fhóna airgeadais², agus go háirithe pointe 12 de,
- ag féachaint do dhréachtbhuiséad ginearálta nua an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2019, a ndearna an Coimisiún é a ghlacadh an 30 Samhain 2018 (COM(2018)0900), i gcomhréir le hAirteagal 314(8) CFAE,
- ag féachaint do chonclúidí thríalóg bhuiséadach an 4 Nollaig 2018,
- ag féachaint don seasamh maidir leis an dara dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2019, a ndearna an Chomhairle é a ghlacadh an 11 Nollaig 2018 agus é a chur ar aghaidh chuig an bParlaimint an lá céanna (15205/2018 – C8-0499/2018),
- ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A8-0455/2018),

¹ IO L 347, 20.12.2013, lch. 884.

² IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

- A. de bhrí go mbeartaítear leis an Ionstraim Sholúbthachta, i gcás bliain airgeadais faoi leith, go bhféadfar caiteachas a mhaoiniú, ar caiteachas é a shainithneofar go soiléir agus nach bhféadfaí é a mhaoiniú faoi na huasteorainneacha a bheidh ar fáil do cheann amháin nó níos mó de na ceannteidil eile,
- B. de bhrí gur mhol an Coimisiún go mbainfí leas as an Ionstraim Sholúbthachta chun an maoiniú a chuirtear ar fáil i mbuiséad ginearálta an Aontais a fhorlíonadh le haghaidh na bliana airgeadais 2019 os cionn uasteorainn cheannteideal 3 le EUR 985 629 138 breise chun bearta i réimse na himirce, na ndídeanaithe agus na slándála a mhaoiniú,
- C. de bhrí gur aontaigh ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ag an trialóg bhuiséadach an 4 Nollaig 2018, leas breise a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta le EUR 178 715 475 breise mar thoradh ar athneartuithe ar na cláir Fís 2020 agus Erasmus+ i bhfo-cheannteideal 1a;
1. ag aontú le leas a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta le EUR 1 164 344 mar leithreasuithe faoi chomhair gealltanais;
 2. ag athdhearbhú go léirítear, trí leas a bhaint as an ionstraim sin, dá bhforáiltear in Airteagal 11 de Rialachán CAI, go bhfuil géarghá, athuair, le go mbeadh buiséad an Aontais níos solúbtha;
 3. ag athdhearbhú a tuairime fadbhunaithe nach féidir íocaíochtaí ag eascairt ó ghealltanais ar baineadh leas astu roimhe sin tríd an Ionstraim Sholúbthacht a chur san áireamh ach amháin thar uasteorainneacha CAI;
 4. ag formheas an chinnidh a ghabhann leis an rún seo;
 5. á threorú dá hUachtarán an cinneadh a shíniú in éineacht le hUachtarán na Comhairle agus socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;
 6. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh, lena n-áirítear a Iarscríbhinn, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh chun príomhchláir le haghaidh iomaíochas an Aontais a atreisiú agus chun maoiniú a dhéanamh ar bhearta buiséadacha láithreacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha na himirce, insreabhadh na ndídeanaithe agus bagairtí slándála

(Ní dhéantar téacs na hiarscríbhinne seo a atáirgeadh anseo ós rud é go gcomhfhreagraíonn sé leis an ngníomh críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2019/276.)